S.98/08

An Coimisiún um Scrúduithe Stáit

DÁTAÍ SCRÚDUITHE TEISTIMÉIREACHTA 2009

CHUIG ÚDARÁIS SCOILEANNA DARA LEIBHÉAL

Tá ceithre dhoiciméad maidir le dátaí Scrúduithe Teistiméireachta 2009 faoi iamh mar eolas do scoileanna agus d'iarrthóirí. Seo a leanas na mionsonraí a ghabhann le gach doiciméad:

- An clár ama maidir le scrúduithe scríofa na hArdteistiméireachta agus na hArdteistiméireachta Feidhmí i mí an Mheithimh 2009.

- An clár ama maidir le scrúduithe scríofa an Teastais Shóisearaigh i mí an Mheithimh 2009.

- Sceideal de dhátaí scrúdaithe maidir leis na scrúduithe nach scrúduithe scríofa iad i gcás na hArdteistiméireachta, na hArdteistiméireachta Feidhmí agus Ghairmchlár na hArdteistiméireachta (Áirítear dáta scrúdú scríofa Nascmhodúil Ghairmchlár na hArdteistiméireachta ar an sceideal sin freisin).

- Sceideal de dhátaí scrúdaithe maidir leis na scrúduithe nach scrúduithe scríofa iad i gcás an Teastais Shóisearaigh.

Scrúduithe Scríofa na hArdteistiméireachta

Cuireadh roinnt athruithe i bhfeidhm ar an gclár ama maidir le scrúduithe 2009, arna leagan amach thíos, de bhun an aiseolais a fuarthas maidir le clár ama na bliana 2008 agus de bhun na bpléití ina dhiaidh sin leis na comhpháirtithe oideachais (i.e. ionadaithe ó bhainistíocht scoile, príomhoidí, múinteoirí agus tuismitheoirí) agus iarracht á déanamh i gcónaí an brú a bhíonn ar iarrthóirí a laghdú, go háirithe an chéad chúpla lá agus scrúduithe ar siúl, agus iarracht á déanamh freisin an dóchúlacht go mbeadh ábhair ag teacht salach ar a chéile a laghdú.

1. Tugadh Innealtóireacht chun tosaigh lena chur in áit na Ceimice tráthnóna an 4ú Meitheamh 2009.

2. Tá sé beartaithe go mbeidh scrúdú an ábhair nua, Grafaic Dhearaidh agus Cumarsáide, ar siúl an 12ú Meitheamh 2009 (in áit Pháipéar 1, Líníocht Theicniúil in 2008)

3. Tugadh Cuntasaíocht chun tosaigh go dtí tráthnóna an 15ú Meitheamh 2009 (in áit Pháipéar 2, Líníocht Theicniúil in 2008)

4. Cuireadh siar Ceimic go dtí tráthnóna an 16ú Meitheamh 2009

5. Beidh Teicneolaíocht, ábhar nua ar chúrsa na hArdteistiméireachta, ar siúl in áit na hInnealtóireachta an Aoine dheireanach, an 19 Meitheamh, agus na scrúduithe ar siúl.

6. Tabharfar Eolaíocht Talmhaíochta chun tosaigh go dtí maidin Déardaoin, an 18 Meitheamh.

7. Fillfear an athuair ar an ord reatha a bhíodh á chleachtadh i gcónaí i gcás na 3 scrúdú Ceoil tráthnóna Déardaoin 18 Meitheamh, is é sin le rá Éisteacht (Bunmhodúil) ar dtús, scrúdú cumadóireachta ina dhiaidh sin, agus Éisteacht (Roghnach) ina dhiaidh sin arís.

8. Cuirfear siar Oideachas Reiligiúin go dtí an mhaidin dheireanach agus na scrúduithe ar siúl agus tabharfar Matamaitic Fheidhmeach chun tosaigh ó thráthnóna an lae dheireanaigh sin, ionas go mbeidh an dá ábhar ar siúl an t-am céanna maidin Dé hAoine an 19ú Meitheamh 2009.

9. Beidh Iodáilis agus Seapáinis agus scrúdú na Teicneolaíochta, ábhar nua ar an gcuraclam, ar siúl tráthnóna an lae dheireanaigh sin an 19ú Meitheamh 2009.

Scrúdaithe nach Scrúduithe Scríofa iad

Beidh na Béal Trialacha i gcás na Gaeilge agus na Nua-Theangacha don Ardteistiméireacht ar siúl an coicís sin idir an 23ú Márta agus an 3ú Aibreán 2009.

Beidh scrúduithe praiticiúla ar siúl idir an 5ú Bealtaine agus an 15ú Bealtaine 2009. Cé go bhfuil dátaí leagtha síos ag an gCoimisiún um Scrúduithe Stáit i gcás na scrúduithe sin, is dátaí táscacha iad amháin agus beidh deis ag scoileanna leas a bhaint as an tréimhse coicíse sin chun na scrúduithe praiticiúla a eagrú ar shlí nach gcuirfidh isteach ró-mhór ar chúrsaí scoile.

Tá na doiciméid go léir oiriúnach le crochadh ar chláir fógraí.

Tá an t-eolas seo ar fáil freisin ar láithreán gréasáin an Choimisiúin um Scrúduithe Stáit ag www.examinations.ie

Táthar ag súil go gcuirfear torthaí na hArdteistiméireachta amach go dtí na scoileanna an tseachtain dar tús an 10ú Lúnasa 2009.

Aidan Farrell
Stiúrthóir Oibríochtaí

Nollaig 2008